# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

---

**GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR 1**
**(100 marc)**

---

**DÉARDAOIN, 5 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.45 go dtí 4.15**

---

## ROINN I – SCRÍOBH NA TEANGA [70 marc]

**Ceist 1.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos. **(50 marc)**
**(Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh.)**

### A. AISTE

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:

(i) Bia folláin – an tábhacht a bhaineann leis i saol an duine.
(ii) An phearsa phoiblí is mó a bhfuil meas agam air/uirthi.
(iii) Cluichí Oilimpeacha 2008 i mBéising.

### B. SCÉAL / EACHTRA

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar thús leis:

‘Ar chuala tú an fothram sin, a Sheáin? Céard ba chúis leis? Níl a fhios agam, a chara, ach tá sé chomh maith dúinn an scéal a fhiosrú …’

(ii) Déan cur síos ar eachtra a tharla nuair a bhí tú ar laethanta saoire thar sáile an bhliain seo caite.

### C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

(i) ‘Ní thugann daoine fásta dea-shampla do dhaoine óga sa lá atá inniu ann.’

(ii) ‘Tugaimid aire mhaith don timpeallacht in Éirinn.’

### D. ALT (do nuachtán nó d'iris)

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Iarradh ort alt a scríobh d’iris na scoile faoi bhulaíocht i measc daltaí i do scoil féin. Scríobh an t-alt a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile.

(ii) Ba mhaith leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta tuairimí a fháil ó dhaoine óga faoi na hábhair a ndéanann siad staidéar orthu ar scoil. Scríobh an t-alt a chuirfeá chuig an Aire.



THALL →

**Ceist 2.** Freagair **A** *nó* **B** anseo. **(Ní gá níos mó ná leathleathanach a scríobh.)** **(20 marc)**

**A.** Chonaic tú cluiche peile i bPáirc an Chrócaigh le déanaí. Scríobh **an comhrá** a bhí idir tusa agus do chara mar gheall ar an gcluiche sin.

**B.** Chuir tú agallamh ar gharda síochána faoin a s(h)aol mar gharda. Rinne tú taifeadadh ar an agallamh i gcomhair iris na scoile. Scríobh **an t-agallamh** a bhí ar an taifeadán agat.

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT (SLIOCHT LEANÚNACH) [30 marc]

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar ailt nuachtáin) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*]

### BLIAIN IS FICHE AG FÁS

**1.** Tá breis agus ceithre chéad clár de na Simpsons déanta ag Studio Fox ó chonacthas den chéad uair iad ar an teilifís, ar an Tracy Ullman Show i Meiriceá, sa bhliain 1987. Bronnadh trí Ghradam Emmy is fiche ar an gclár le linn an ama sin. Shílfeá faoin am seo go mbeadh a rás rite ag na Simpsons agus go mbeadh an lámh in uachtar anois ag cláir scigaithrise ar nós *South Park*, *Family Guy* agus *American Dad*. Ní mar a shíltear a bhítear, áfach. Tá na Simpsons i mbarr a réime go fóill agus iad ag dul ó neart go neart.



**Bliain is fiche ag fás!**

**2**. Anuraidh rinne Studio Fox an chéad fhadscannán de na Simpsons, *The Simpsons Movie*. Truailliú na timpeallachta is téama don scannán. Tugann sé seo deis do Lisa ról an laoich a ghlacadh chuici féin fad agus a bhíonn Homer ag teacht salach uirthi lena iompar míshóisialta. Is é an laige is mó atá ar an scannán ná an ról imeallach atá ag Bart sna himeachtaí. Tá an greann sa scannán fite fuaite rómhór in iompar seafóideach Homer ach sa tsraith theilifíse bíonn rascalacht Bhart ina cuid lárnach den ghiúmar.

**3.** Cónaíonn na Simpsons in Springfield. Ach meas tú cá bhfuil Springfield? Tá ar a laghad seachtó baile a bhfuil Springfield mar ainm orthu i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ós rud é go gcónaíonn go leor Éireannach in Springfield, Massachusetts, ceapann siadsan gur leo féin na Simpsons. Tá an tuairim eile ann, áfach, gurb é Springfield, Oregon áit dúchais na Simpsons. Is ansin in Oregon a rugadh Matt Groening, an fear a chuir tús leis na Simpsons bliain is fiche ó shin.

**4**. Deirtear faoi na sobalchláir nó na gallúntraithe gur scátháin iad ina bhfeictear íomhánna den saol réalaíoch agus ar an mbonn sin meallann siad lucht féachana dílis chucu féin. Baineann na tréithe céanna le cláir scigaithrise ar nós na Simpsons. Déanann na cláir scigaithrise mugadh magadh den chur i gcéill a bhaineann le hiompar daoine agus ní thagann duine ná institiúid slán uathu. Bímid ag féachaint ar an scáileán agus, i ngan fhios dúinn féin, bímid ag briseadh ár gcroí ag gáire fúinn féin. Is sláintiúla go mór sinn dá bharr.

### Ceisteanna (iad ar cómharc)



**(i)** (a) Cé mhéad Gradam Emmy atá buaite ag na Simpsons go dtí seo?
(b) Ainmnigh na cláir a bhíonn in iomaíocht leis na Simpsons anois?

**(ii)** (a) Cén téama atá sa scannán *The Simpsons Movie*?
(b) Breac síos laige amháin a luaitear leis *The Simpsons Movie*.

**(iii)** (a) Cén fáth a bhfuil sé deacair a rá le cinnteacht cá bhfuil Springfield?
(b) Cén ceangal atá idir Springfield, Oregon agus na Simpsons?

**(iv)** (a) Luaigh an chúis a meallann sobalchláir lucht féachana dílis chucu féin?
(b) Cén aidhm a bhíonn ag cláir scigaithrise ar nós na Simpsons?

**(v)** Conas a léiríonn an t-údar go bhfuil meas mór aici/aige ar na Simpsons mar chlár?
Is leor **dhá phointe** a lua.